Freagra ar ilghearán maidir le sárú a líomhnaítear a rinne an Iodáil ar rialacha an Aontais maidir leis an neamh-idirdhealú agus le cosaint múinteoirí ar théarma socraithe – litir chlabhsúir

Uimhir thagartha: CHAP (2021)03439

Taifead fostaíochta múinteoirí i 'scuole paritarie' (scoileanna príobháideacha creidiúnaithe), tá lear mór gearán faighte ag an gCoimisiún Eorpach faoi nach n-aithnítear an taifead céanna chun grád pá na múinteoirí sin a chinneadh nuair a théann siad isteach sa tseirbhís phoiblí mar mhúinteoirí buana. I bhfocail eile, ní chuirtear an tsinsearacht a bhain siad amach san áireamh agus iad ag obair sa scoil phríobháideach chreidiúnaithe.

Tá sé curtha in iúl ag na gearánaigh gur córas é córas oideachais náisiúnta na hIodáile ina bhfuil scoileanna stáit agus scoileanna príobháideacha creidiúnaithe. Tá an 'scuole paritarie' ar cheann de chatagóirí na scoileanna príobháideacha creidiúnaithe sin, is é sin le rá scoileanna táille a leanann siollabas na scoileanna stáit. Scoileanna nach scoileanna stáit iad a dhéanann iarratas ar chreidiúnú, bronntar an creidiúnú orthu ar choinníoll go gcomhlíonann siad coinníollacha áirithe a shonraíonn an Stát, coinníollacha maidir le cáilíochtaí múinteoirí, mar shampla. Ní hé an Stát fostóir na múinteoirí sna cásanna seo, ach an scoil phríobháideach féin.

Taithí a fuarthas i gcatagóirí áirithe de scoileanna príobháideacha creidiúnaithe amhail 'scuole pareggiate' agus 'scuole parificate', cé go n-aithnítear an taithí sin chun conarthaí teagaisc ar théarma seasta a bhronnadh i scoileanna stáit agus chun an grád pá a chinneadh nuair a fhostaítear múinteoir ina dhiaidh sin i scoil Stáit, tugann na gearánaigh le fios gurb amhlaidh, faoi Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297 an 16 Aibreán 1994, nach n-aithníonn Aireacht Oideachais na hIodáile an taithí sin i dtaca le cinneadh na ngrád pá le haghaidh baill nua-earcaithe d'fhoireann teagaisc a thagann ó 'scuole paritarie'.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2021)03439.

Ós rud é go bhfuil líon suntasach gearán faighte ag an gCoimisiún maidir leis an ábhar sin, tá admháil fála agus litir réamhchlabhsúir foilsithe aige ar leathanach sainithe shuíomh gréasáin Europa d'fhonn freagairt thapa a thabhairt do na daoine sin lena mbaineann agus iad a chur ar an eolas, agus fós i bhfianaise gur ábhar é seo atá tugtha i gceist ag na gearánaigh arbh fhéidir gur chun leasa sciar leathain den phobal é.

Mar fhreagairt ar an litir réamhchlabhsúir, chuir roinnt gearánach fístaifeadadh isteach an 16 Samhain 2021.

Thairis sin, chuir roinnt gearánach litir isteach an 17 Samhain 2021 inar tugadh le fios arís na cúiseanna a measann siad gur sháraigh an Iodáil cearta múinteoirí.

Na hargóintí a tugadh chun tosaigh san fhíseán sin an 16 Samhain 2021 agus i litir an 17 Samhain 2021, tá siad comhchosúil leis na hargóintí atá sna gearáin bhunaidh, go háirithe na cinn seo a leanas:

1. Go sáraítear Clásal 4 den Chreat-chomhaontú atá i gceangal leis an Treoir maidir le hObair ar Théarma Socraithe (Treoir 1999/70/CE) sa chaoi nach n-aithnítear taifead fostaíochta na múinteoirí in 'scuole paritarie' (scoileanna príobháideacha creidiúnaithe) chun grád pá na múinteoirí sin a chinneadh nuair a théann siad isteach sa tseirbhís phoiblí ar chonradh buan i scoil Stáit.

2. Go sáraítear forálacha Threoir 2000/78/CE sa chaoi nach n-aithnítear taifead fostaíochta na múinteoirí in ‘scuole paritarie’ (scoileanna príobháideacha creidiúnaithe) chun grád pá na múinteoirí sin a chinneadh nuair a théann siad isteach sa tseirbhís phoiblí ar chonradh buan i scoil Stáit.

3. Go sáraítear forálacha 2006/54/CE sa chaoi nach n-aithnítear taifead fostaíochta na múinteoirí in ‘scuole paritarie’ (scoileanna príobháideacha creidiúnaithe) chun grád pá na múinteoirí sin a chinneadh nuair a théann siad isteach sa tseirbhís phoiblí ar chonradh buan i scoil Stáit.

4. Nach n-aithnítear taifead fostaíochta na múinteoirí i ‘scuole paritarie’ (scoileanna príobháideacha creidiúnaithe) chun grád pá na múinteoirí sin a chinneadh nuair a théann siad isteach sa tseirbhís phoiblí ar chonradh buan i scoil Stáit, agus nach bhfuil an méid sin i gcomhréir le dlí-eolaíocht CBAE sa chás C-677/16 Montero Mateos.

## **<u>Anailís dhlíthiúil ar na ceithre argóint a thug na gearánaigh chun tosaigh</u>**

### 1. I ndáil le Clásal 4 den Chreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe (Treoir 1999/70/CE) a urramú

Is iad an dá phríomh-aidhm atá ag an gCreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe[1] nach bhfulaingeoidh oibrithe a fhostófar ar chonarthaí ar théarma socraithe idirdhealú nach bhfuil údar cuí leis, agus, i gcás sraitheanna de chonarthaí ar théarma socraithe i ndiaidh a chéile idir an fostóir céanna agus an fostaí céanna le haghaidh na hoibre céanna, go ndéanfar na sraitheanna sin a chosc, agus go ngearrfar pionós i gcás mí-úsáide.

Le Clásal 4 den Chreat-chomhaontú cuirtear cosc ar fhostóirí caitheamh le hoibrithe ar théarma socraithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a gcaitear le hoibrithe buana ó thaobh a gcoinníollacha fostaíochta de, mura mbíonn údar cuí ann ar fhoras oibiachtúil leis an gcóir dhifreálach. Mar sin féin, níl feidhm ag an gclásal sin maidir le hidirdhealú i dtaca leis na coinníollacha fostaíochta atá ag catagóirí éagsúla d’oibrithe ar théarma socraithe.

Deir na gearánaigh ina dteachtaireacht físeáin gur sáraíodh prionsabal an neamh-idirdhealaithe sa mhéid go n-aithnítear blianta seirbhíse ar chonarthaí ar théarma socraithe, chun an grád pá a chinneadh agus chun críocha na soghluaisteachta i gcás múinteoirí i scoileanna Stáit, ach nach n-aithnítear na blianta sin i gcás múinteoirí i scoileanna príobháideacha a bhfuil creidiúnú Stáit acu agus a théann isteach sa tseirbhís phoiblí ar chonradh buan.

Go bunúsach, deir na gearánaigh go sáraítear Clásal 4 den Chreat-chomhaontú sa chaoi nach n-aithnítear taifead fostaíochta na múinteoirí in ‘scuole paritarie’ (scoileanna príobháideacha creidiúnaithe) chun grád pá na múinteoirí sin a chinneadh nuair a théann siad isteach sa tseirbhís phoiblí ar chonradh buan i scoil Stáit.

Tagraíonn siad, go háirithe, do threoirlínte an chomhaontaithe chomhchoitinn ábhartha lena n-eisiatar seirbhísí a rinneadh roimhe sin in ‘scuole paritarie’ a chur san áireamh ar

[1] Creat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a tugadh i gcrích an 18 Márta 1999 agus a cuireadh i gceangal le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe arna thabhairt i gcrích ag ETUC, UNICE agus CEEP, IO L 175, 10.7.1999, lgh. 43-48.

bhonn Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach 297/94, ina dtagraítear don choibhéis idir Scoileanna Stáit, 'scuole pareggiate' agus 'scuole parificate' (seachas 'scuole paritarie', áfach). Níorbh ann do 'scuole paritarie' in 1994. Bhunaigh Dlí Foraithne Uimh. 250/2005 an 'scuole paritarie' mar aon chineál amháin de scoileanna (creidiúnaithe) nach scoileanna Stáit iad, rud a chuimseofaí iarchatagóirí scoileanna (creidiúnaithe) nach scoileanna stáit iad ('scuole autorizzate', 'pareggiate', 'parificate' agus 'scuole legalmente riconosciute').

An chomparáid atá i gceist sa chás seo, is comparáid í idir múinteoirí atá ag obair ar théarma socraithe i scoileanna Stáit agus múinteoirí atá ag obair ar théarma socraithe i scoileanna príobháideacha a bhfuil creidiúnú Stáit acu, nó idir múinteoirí atá ag obair ar théarma socraithe in 'scuola paritaria' agus múinteoirí atá ag obair ar théarma socraithe in 'scuola pareggiata' agus 'scuola parificata'.

Cóir dhifreálach idir múinteoir amháin ar théarma socraithe agus múinteoir eile ar théarma socraithe de thairbhe duine acu a bheith fostaithe ag scoil Stáit agus an duine eile a bheith fostaithe ag scoil phríobháideach a bhfuil creidiúnú Stáit aici, ní rud é a thagann faoi raon feidhme an Chreat-chomhaontaithe maidir le hobair ar théarma socraithe.

Thairis sin, chun Clásal 4 den Chreat-chomhaontú a chur i bhfeidhm, is é stádas téarma shocraithe an oibrí amháin is cúis leis an gcóir dhifreálach. Ní mar sin atá sé sa chás a ndearna na gearánaigh cur síos air, ós rud é nach gcuirtear san áireamh an tsinsearacht a bhain múinteoirí ar théarma socraithe agus múinteoirí buana araon amach in 'scuole paritarie' nuair a thosaíonn siad mar mhúinteoirí buana i scoileanna Stáit.

Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach dtagann staid na ngearánach faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an Chreat-chomhaontaithe maidir le hobair ar théarma socraithe atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE.

**2. I ndáil le forálacha Threoir 2000/78/CE a urramú**

Maíonn na gearánaigh nach ionann an chóir a fhaigheann múinteoirí i bpoist fhorbhásacha in 'scuole paritarie' agus an chóir a fhaigheann múinteoirí forbhásacha i scoileanna Stáit, cé go mbaineann an dá ghrúpa leis an gcóras teagaisc náisiúnta agus go bhfuil na hoibleagáidí dlíthiúla agus conarthacha céanna orthu. Maíonn siad go sáraíonn sé sin forálacha Threoir 2000/78/CE.

Mar sin féin, le Treoir 2000/78/CE, toirmisctear idirdhealú atá bunaithe ar líon foras a áirítear ar bhealach uileghabhálach, mar atá reiligiún, aois, míchumas agus gnéaschlaonadh. Ar bhonn na faisnéise a chuir na gearánaigh ar fáil, is cosúil nach ann d'idirdhealú ar bhonn na bhforas sin sa chás seo.

**3. I ndáil le forálacha Threoir 2006/54/CE a urramú**

Maíonn na gearánaigh go bhfuil sárú á dhéanamh ar phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann, rud a leagtar síos in Airteagal 141 de Chonradh Amstardam agus i dTreoir 2006/54/CE. An múinteoir buan i scoil Stáit a bhfuil aitheantas faighte aige ar an tseirbhís a rinneadh tar éis a earcaithe mar mhúinteoir buan agus ar sheirbhísí a rinne sé mar mhúinteoir ar théarma socraithe i scoileanna Stáit, cuirfear i ngrád tuarastail é a chomhfhreagraíonn do na blianta seirbhíse, agus múinteoir buan i scoil Stáit a rinne seirbhísí mar mhúinteoir ar théarma socraithe in 'scuola paritaria', cuirfear ar scála atá

níos ísle é ós rud é nach gcuirfear san áireamh an taithí a bhí aige roimhe sin, fiú má bhí sé ag obair ar feadh tréimhse ní b’fhaide.

Maítear sna gearáin go sáraíonn sé sin prionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann mar a chumhdaítear i dTreoir 2006/54/CE.

Mar sin féin, ní dhéanann Treoir 2006/54 agus Airteagal 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[2] ach idirdhealú idir fir agus mná a thoirmeasc. Ní dhéanann siad idirdhealú ar bhonn na cúise a thugtar sna gearáin. Ina theannta sin, ní deir na gearánaigh go bhfuil idirdhealú indíreach ann idir fir agus mná sa chás sin a ndéanann siad gearán faoi (mar shampla, mar gheall ar líon i bhfad níos airde múinteoirí a tháinig ó ‘scuola paritaria’ ar múinteoirí de ghnéas ar leith iad).

**4. I ndáil le seasamh CBAE in C-677/16 Montero Mateos**

In C-677/16 Montero Mateos, dhearbhaigh CBAE an méid seo a leanas:

“Clásal 4(1) den Chreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a tugadh i gcrích an 18 Márta 1999 agus atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcreat-chomhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe a thug CEC, UNICE agus CEEP i gcrích, ní mór an clásal sin a léirmhíniú mar rud nach gcoisceann reachtaíocht náisiúnta nach ndéanann foráil maidir le haon chúiteamh atá le híoc le hoibrithe atá fostaithe faoi chonradh ar théarma socraithe atá ann chun post a chumhdach go sealadach fad is a bhí an nós imeachta roghnúcháin nó an nós imeachta ardaithe céime chun an conradh a líonadh ar bhonn buan ar siúl, amhail an conradh ionaid sealadach a bhaineann leis na príomh-imeachtaí, ar dhul in éag an téarma ar tugadh an conradh i gcrích dó, ach tá cúiteamh le híoc le hoibrithe buana i gcás ina gcuirtear deireadh lena gconradh fostaíochta ar fhoras oibiachtúil.”

Baineann fíorais an cháis leis an reachtaíocht náisiúnta sa Spáinn nach ndéanann foráil maidir le haon chúiteamh atá le híoc le hoibrithe atá fostaithe faoi chonradh ar théarma socraithe a dhéantar chun post a chumhdach ar bhonn sealadach fad is atá an nós imeachta roghnúcháin nó an nós imeachta ardaithe céime chun an post a líonadh ar bhonn buan ar siúl, ar dhul in éag an téarma ar tugadh an conradh i gcrích dó, ach tá cúiteamh le híoc le hoibrithe buana i gcás ina gcuirtear deireadh lena gconradh fostaíochta ar fhoras oibiachtúil.

An cás seo maidir le cúiteamh a íoc, ní bhaineann sé leis an gcasaoid mar a thugann na gearánaigh ar aghaidh í, ar casaoid í maidir le sinsearacht nach gcuirtear san áireamh.

**<u>Conclúid</u>**

Ní thagann an chasaoid faoi raon feidhme chur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh.

Má tá na gearánaigh den tuairim gur sárú ar dhlí na hIodáile é an cleachtas sin, is féidir leo sásamh a lorg os comhair na cúirte náisiúnta.

---

[2] Airteagal a cuireadh in ionad an Airteagail 141 a bhí ann roimhe seo den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

Tá sé luaite ag na gearánaigh gur tugadh an cás os comhair na Cúirte Bunreachtúla cheana agus, de réir na ngearánach, gur dhearbhaigh an Chúirt sin an méid seo a leanas sa bhreithiúnas a thug sí an 30 Iúil 2021 – 'obair a dhéanann duine i scoileanna príobháideacha a bhfuil creidiúnú stáit acu roimh chonradh buan a bheith aige, níl sé neamhdhleathach gan an obair sin a thabhairt san áireamh chun críoch atógála gairme i scoileanna stáit.' Sa chomhthéacs sin, is iad na húdaráis náisiúnta fós, lena n-áirítear breithiúna náisiúnta, atá inniúil go heisiach chun measúnú a dhéanamh an bhfuil an staid reatha idirdhealaitheach agus chun réitigh iomchuí a dhámhachtain.

I bhfianaise an mhéid sin, chuir an Coimisiún clabhsúr ar an ngearán seo.